Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**8768/21**

**CULT 33**
**AUDIO 54**
**SOC 273**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7431/21 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheacha, mar a d’fhormheas an Chomhairle (Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt) iad ag an gcruinniú a bhí aici an 17-18 Bealtaine 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuaine na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

Á MHEABHRÚ DI

1. An gá, i bhfianaise phaindéim COVID-19, le hiarrachtaí dífhasaigh chun athléimneacht agus claochlú níos mó a bhaint amach san Aontas, mar a luadh sna conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú urghnách a bhí aici an 17 go dtí an 21 Iúil 2020[1].

2. A dhiongbháilte atá sí gníomhaíochtaí cinntitheacha beartais a dhéanamh go pras chun tacú leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, tráth géarchéime agus níos faide anonn, mar a chuir airí cultúir, meán agus closamhairc an Aontais in iúl ag na trí fhíschomhdháil neamhfhoirmiúla a bhí acu faoi Uachtaránacht na Cróite agus faoi Uachtaránacht na Gearmáine.

3. Líon na mbeart urghnách atá dírithe ar thacaíocht a thabhairt do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a chuir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit i bhfeidhm ó thús phaindéim COVID-19.

4. A thábhachtaí atá Colún Eorpach na gCeart Sóisialta chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár sa phróiseas téarnaimh ná sna haistrithe digiteacha agus glasa.

[1] EUCO 10/20.

5. An comhaontú polaitiúil maidir le clár Eoraip na Cruthaitheachta do 2021-2027 le buiséad méadaithe sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) nua.

6. Gur ghlac an Coimisiún Eorpach plean gníomhaíochta chun tacú le téarnamh agus claochlú na hearnála meán agus closamhairc.

IS EOL DI

7. An ról ríthábhachtach atá ag an gcultúr don fhéiniúlacht Eorpach agus a mhéid a chuireann sé le beogacht, cuimsitheacht, feidhmiú daonlathach agus rathúnas ár sochaithe trína luach intreach agus an tionchar tábhachtach sóisialta agus eacnamaíoch atá aige.

8. Acmhainn an chultúir mar fhoinse smaointe agus mar mheán chun réitigh nua a chruthú, aghaidh a thabhairt ar an idirdhealú agus naisc shóisialta a threisiú, dlúthpháirtíochtaí nua a chothú, beocht a chur i spásanna, agus chun neart a chur lenár gcumas aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn amach anois agus a bheidh romhainn amach anseo.

9. Go n-aithnítear gur ceann d'éiceachórais ríthábhachtacha an gheilleagair Eorpaigh iad na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus go bhfuil an acmhainn iontu an fhorbairt eacnamaíoch a thiomáint chun cinn.

10. Go bhfuil sé ar a gcumas ag ealaíontóirí, taibheoirí agus cruthaitheoirí dul in oiriúint do na dúshláin a d'eascair as an ngéarchéim atá ann faoi láthair, teacht ar bhealaí nua agus nuálacha, go háirithe sa timpeallacht dhigiteach, chun ábhar a chur ar fáil dá lucht spéise agus chun daoine nua a mhealladh chucu.

11. An riachtanas dífhasaigh atá ann éiceachórais chultúir agus chruthaitheachta a atógáil agus borradh a chur fúthu, agus úsáid á baint as na ceachtanna a foghlaimíodh ó na dúshláin a d'éirigh as géarchéim COVID-19.

DE BHRÍ GUR

12. Nochtaigh an ghéarchéim reatha na dúshláin struchtúracha atá ann do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus tá gá le freagairt láithreach chomh maith le gníomhaíocht fhadradharcach agus uaillmhianach chun bealaí a réiteach ionsar athléimneacht agus inbhuaine fheabhsaithe sna hearnálacha sin, go háirithe dá n-ealaíontóirí agus dá ngairmithe.

13. Ríthábhachtach é na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a neartú, go háirithe na hearnálacha sin is mó atá thíos leis na ngéarchéim reatha, trí aghaidh a thabhairt ar a leochaileachtaí agus an chothroime agus an comhionannas do chách a chur chun cinn, agus aird ar leith á tabhairt do chás ealaíontóirí mná agus do ghairmithe cultúrtha mná.

TARRAINGÍONN SÍ AIRD AIR

14. Go bhfuil na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta i measc na n-earnálacha is mó atá buailte ag géarchéim COVID-19 toisc a saintréithe uathúla, amhail an teagmháil dhíreach atá acu leis an lucht éisteachta agus féachana, agus de dheasca gur dúnadh mórán ionaid chultúrtha agus gur cuireadh mórán imeachtaí ar ceal, cé nárbh amhlaidh i ngach cás, agus go bhfuil deacrachtaí tromchúiseacha eacnamaíocha tar éis eascairt as sin.

15. Go bhfuil éiginnteacht shuntasach os comhair sciar mór de na hoibrithe sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, na hoibrithe is íogaire ina measc, go minic de dheasca easpa sásraí cosanta sóisialta agus tacaíochta dífhostaíochta, toisc gur minic gur gné den obair chultúrtha iad conarthaí gearrthéarmacha neamhbhuana agus leibhéal ard de ghairmithe féinfhostaithe.

16. Go bhfuil gá le bearta saincheaptha le haghaidh micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, mar aon le hinstitiúidí agus eagraíochtaí cultúrtha (cinn bhrabúis agus cinn neamhbhrabúis), arb iad a dhéanann suas formhór mór na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus a chuireann leis an éagsúlacht chultúrtha, i bhfianaise a leochailí atá siad i leith éifeachtaí diúltacha géarchéimeanna.

17. Go ndeachaigh líon mór ealaíontóirí, cruthaitheoirí agus gairmithe cultúrtha go luath i muinín a gcuid saothair agus próiseas cruthaitheach a chur ar taispeáint ar líne, ach go bhfuil de dhúshlán anois orthu foinsí inbhuanaithe ioncaim a ghnóthú, fad is atá méadú tagtha ar thrácht agus ar ioncam ardán ar líne an-mhór.

18. Gur léir go bhfuil rochtain ar an gcultúr an-tábhachtach ó thaobh dhea-bhail na saoránach agus chomhtháthú na sochaithe de, ach go bhféadfadh srianta a bheith uirthi go fóill mar gheall ar ábhair imní a bhaineann le cúrsaí sláinte.

19. Go mbíonn iarmhairtí ag na srianta arna nglacadh ar shoghluaisteacht gairmithe cultúrtha agus ar scaipeadh saothar cultúrtha agus dá bhrí sin go gcothaíonn siad dúshláin maidir le héagsúlacht chultúrtha agus teanga, leanúint den idirphlé, malartú agus slabhraí luacha trasteorann.

20. Gur imir an phaindéim tionchar freisin ar chomhpháirtithe ó na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta i dtríú tíortha, rud a fhágann go bhfuil sé tábhachtach dlúthpháirtíocht a léiriú agus oibriú leo ina n-iarrachtaí i dtaca le téarnamh agus forbairt inbhuanaithe, faoi chuimsiú chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais.

SAINAITHNÍONN SÍ, AGUS AIRD CHUÍ Á TABHAIRT AR PHRIONSABAIL NA COIMHDEACHTA AGUS NA COMHRÉIREACHTA, AR RÉIMSÍ INNIÚLACHTA NA mBALLSTÁT FAOI SEACH AGUS AR RÓL AGUS NEAMHSPLEÁCHAS NA gCOMHPHÁIRTITHE SÓISIALTA, NA SÉ THOSAÍOCHT SEO A LEANAS D'FHONN TÉARNAMH NA N-EARNÁLACHA CULTÚIR AGUS CRUTHAITHEACHTA A CHUR CHUN CINN AR MHAITHE LE hATHLÉIMNEACHT AGUS INBHUAINE NÍOS MÓ:

## I. AN ROCHTAIN AR AN GCISTIÚ ATÁ AR FÁIL A FHEABHSÚ

Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

21. Leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun an téarnamh as tionchar diúltach phaindéim COVID-19 a chumasú agus na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a dhéanamh níos athléimní i leith géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo trí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin struchtúracha atá ann do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus, i gcás inarb ábhartha, scéimeanna tacaíochta iomchuí éifeachtúla a chur chun feidhme.

22. Sineirgí a chur chun cinn idir cláir de chuid an Aontais atá ábhartha do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, amhail Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, Fís Eorpach, InvestEU, an Eoraip Dhigiteach, cistí an bheartais chomhtháthaithe agus Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

23. Próisis iarratais a shimpliú agus an maorlathas a ghabhann le cláir chistiúcháin a laghdú a mhéid is féidir.

24. Dícheall a dhéanamh chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus go bhfreagróidh sásraí cistiúcháin do riachtanais shonracha agus acmhainneachtaí sonracha daoine féinfhostaithe, micrifhiontar, fiontar beag agus meánmhéide, agus institiúidí agus eagraíochtaí (cinn bhrabúis agus cinn neamhbhrabúis) i réimse an chultúir.

25. Faisnéis shaincheaptha a chomhroinnt maidir leis na deiseanna cistiúcháin agus comhchistiúchán atá ar fáil do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta trí struchtúir sna Ballstáit lena dtacaítear leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, agus trí dheasca, gníomhaireachtaí nó pointí teagmhála clár ábhartha de chuid an Aontais, agus an t-idirphlé idir na gníomhaithe sin a neartú chun a áirithiú go bhfaighidh na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta faisnéis agus comhairle thráthúil.

Iarrann sí ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:

26. Uirlis choiteann 'ionad ilfhreastail' a chur ar fáil le haghaidh faisnéis ábhartha, a nuashonraítear go tráthrialta, atá éasca le tuiscint, a bhfuil rochtain éasca uirthi agus atá saincheaptha, i ngach ceann de theangacha oifigiúla an Aontais, maidir le deiseanna cistiúcháin do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, agus ar an gcaoi sin ligean do gach gníomhaí cultúir rochtain thapa a fháil ar fhaisnéis maidir le cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais.

27. Meastóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair do na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, d'fhonn an gá atá le hoiriúnú a bhreithniú.

28. Leanúint de bheith ag obair go dlúth le geallsealbhóirí agus bearta tacaíochta agus cláir chistiúcháin de chuid an Aontais á gcur chun feidhme chun a áirithiú go bhfreastalóidh an cistiú atá ar fáil ar riachtanais na hearnála, go háirithe le linn cúinsí gan choinne.

## II. <u>FEABHAS A CHUR AR ATHLÉIMNEACHT GAIRMITHE SNA HEARNÁLACHA CULTÚIR AGUS CRUTHAITHEACHTA</u>

<u>Iarrann sí ar na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:</u>

29. Forbairt bhreise ar mhargadh saothair cothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear cosaint shóisialta do ghairmithe sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, ina gcuirtear san áireamh saintréithe na ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha, laistigh de na creataí iomchuí, i ndlúth-idirphlé leis na hearnálacha[2].

30. Idirphlé agus malartú leanúnach a chur chun cinn le gairmithe sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, á mholadh dóibh fadhbanna a fhógairt go luath agus na réitigh a aimsítear a chomhroinnt.

<u>Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid a leanas a dhéanamh:</u>

31. Forbairt bhreise ar shamhlacha nua gnó ag na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn, mar shampla trí leas a bhaint as an bpoitéinseal atá ag sonraí, samhlacha a fhreagraíonn ar dhúshláin eacnamaíocha, dhigiteacha, shochaíocha agus chomhshaoil.

32. Deiseanna oiliúna a chur chun cinn lena gcuirfear leis an acmhainneacht maidir le scileanna fiontraíochta, digiteacha, airgeadais agus bainistíochta, maoin intleachtúil, chomh maith le hathléimneacht fhoriomlán gairmithe sna hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta.

33. Fiosrú a spreagadh ar bhealaí agus modhanna nua chun ioncam ealaíontóirí a chinntiú, stádas ealaíontóirí a phlé agus smaointe a mhalartú maidir le dálaí oibre in earnálacha agus i dtionscail an chultúir agus na cruthaitheachta san Eoraip tríd an ngrúpa um stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, atá le cur ar bun faoin modh oscailte comhordúcháin.

34. Iarrachtaí a chur chun cinn chun na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta a chosaint tuilleadh ar an bpíoráideacht.

---

[2] Moladh ón gComhairle an 8 Samhain 2019 maidir le rochtain ar chosaint shóisialta d’oibrithe agus do dhaoine féinfhostaithe, *IO C 387, 15.11.2019, lch. 1.*

## III. AN TSOGHLUAISTEACHT AGUS AN COMHAR A NEARTÚ A THUILLEADH

Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

35. Céimeanna iomchuí a ghlacadh chun comhar a spreagadh a thuilleadh, lena n-áirítear le tríú tíortha, agus chun saorghluaiseacht ealaíontóirí agus gairmithe na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a éascú, malartuithe, comhar agus saoirse ealaíontóirí a chur chun cinn trí phrionsabail ghinearálta shaorghluaiseacht daoine agus seirbhísí a chur san áireamh.

36. Réitigh a fhiosrú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna soghluaisteachta, le gur fusa a bheidh sé d'ealaíontóirí agus do ghairmithe na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta é na cleachtais riaracháin éagsúla den tsoghluaisteacht trasteorann a thuiscint.

37. An comhar idir disciplíní ealaíne éagsúla a chur chun cinn agus na rialacha gaolmhara a shimpliú, nuair is ábhartha.

38. An tsolúbthacht is gá a chur chun cinn chun go mbeifear in ann cistí soghluaisteachta na hEorpa a atreorú chun na riachtanais is práinní den earnáil a chomhlíonadh tráth a bheidh srianta taistil i bhfeidhm.

## IV. AN TAISTRIÚ DIGITEACH AGUS AN TAISTRIÚ GLAS A BHROSTÚ

Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

39. Uas-sciliú ghairmithe na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a spreagadh chun go mbeidh siad in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an réimse digiteach, leas a bhaint as, brabús a dhéanamh ann agus a bheith iomaíoch ann, agus an ról atá ag ardáin fhíor-mhóra ar líne á chur san áireamh.

40. Na deiseanna arna dtairiscint leis an Treoir athbhreithnithe maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc[3] agus leis an Treoir maidir le Cóipcheart[4] a thapú chun téarnamh na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta a éascú.

41. An comhar ildisciplíneach idir na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta, comhshaoil agus teicneolaíochta a chur chun cinn, ag cothú na nuálaíochta sa chultúr agus sa tionsclaíocht, agus lántairbhe á baint as teicneolaíochtaí teanga agus teicneolaíochtaí digiteacha, m.sh. an intleacht shaorga.

42. An t-oideachas cultúrtha a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, do na glúine ar fad mar bhealach chun dearcadh níos eolaí a chruthú i measc tomhaltóirí i ndáil le héagsúlacht níos leithne i léiriúcháin chultúir.

43. A chur chun suntais an ról tábhachtach claochlaitheach atá ag na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta mar spreagthóir na hinbhuanaitheachta, agus coinníollacha fabhracha a sholáthar, nuair is indéanta, do na gníomhaithe cultúir uile chun go bhféadfaidís leas iomlán a bhaint as a gcumas chun an t-athrú aeráide a chomhrac, lena n-áirítear trí thionchar a ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol a laghdú.

---

[3] Treoir 2010/13/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808.
[4] Treoir (AE) 2019/790.

## V. FEABHAS A CHUR AR EOLAS AGUS AR AN ULLMHACHT I GCOMHAIR NA NDÚSHLÁN A BHEIDH ANN AMACH ANSEO

Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

44. Faisnéis iomlán dhomhain ar riachtanais, gnéithe agus leochaileachtaí gach earnála cultúir agus cruthaitheachta a chur chun cinn feadh an tslabhra luacha, trí, mar shampla, taighde, mapáil agus dlúth-idirphlé leanúnach le geallsealbhóirí, lena n-áirítear na pobail áitiúla.

45. Comhroinnt feasa gnó, dea-chleachtas agus faisnéise a éascú a bhaineann leis na bealaí is éifeachtaí chun téarnamh na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta (m.sh. bearta an phlean téarnaimh) a ghiaráil, agus díriú ar ullmhacht i leith feiniméin neamhchinnte gan choinne a d'fhéadfadh cur isteach ar na hearnálacha sin amach anseo.

46. Feabhas a chur ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha trí dhíriú ar inbhuanaitheacht agus ar athléimneacht i leith tubaistí mar chuid lárnach de bhainistiú na hoidhreachta cultúrtha.

## VI. TIMPEALLACHTAÍ CULTÚIR AGUS POBAIL ÁITIÚLA A CHUR SAN ÁIREAMH

Iarrann sí ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

47. Riachtanais agus tuairimí na dtimpeallachtaí cultúir agus na bpobal áitiúil a áireamh mar fhoinse treorach chun tosaíochtaí a bhunú maidir le beartais, straitéisí agus cláir chultúir, agus ar an gcaoi sin an leas is fearr is féidir a bhaint as tionchar sóisialta na ngníomhaíochtaí agus na smaointe a thagann ó réimse an chultúir.

48. Comhpháirtíochtaí idir na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta agus earnálacha beartais eile (e.g. sláinte, oideachas, óige, eolaíocht, taighde agus nuálaíocht, comhshaol, fostaíocht, gnóthaí sóisialta, turasóireacht) a spreagadh a thuilleadh , chun tairbhe a bhaint as na buntáistí a bhaineann leis an gcultúir don dea-bhail agus don inbhuanaitheacht trí úsáid iomlán a bhaint as na struchtúir agus as na cláir atá ann cheana, i gcás inarb ábhartha.

Iarrann sí ar na Ballstáit an méid a leanas a dhéanamh:

49. Naisc a spreagadh, i gcás inarb indéanta, idir timpeallachtaí cultúir, pobail áitiúla, údaráis agus gairmithe na n-earnálacha cultúir agus cruthaitheachta, agus aithint á tabhairt do nádúr láidir na n-éiceachóras cultúir agus cruthaitheachta ón mbun aníos.

50. An nascacht shóisialta a chur chun cinn tríd an gcultúr mar fhreagairt luachmhar ar éifeachtaí an scartha shóisialta agus na n-idirghníomhaíochtaí digiteacha.

51. Feasacht chultúrtha a chur chun cinn i sochaithe trí rannpháirtíocht chultúrtha ghníomhach agus rochtain chothrom ar an gcultúr a spreagadh do na grúpaí sóisialta uile, lena n-áirítear na grúpaí sóisialta is imeallaithe agus is leochailí.

52. Institiúidí cultúir a spreagadh chun cineálacha nuálacha cur chuige agus modhanna nuálacha a fhorbairt chun lucht féachana agus éisteachta éagsúil a mhealladh.

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN DEA-CHLEACHTAIS A MHALARTÚ AGUS NA CONCLÚIDÍ SEO A MHEAS FAOI 2023.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

**Doiciméid ábhartha bheartais**

***An Chomhairle Eorpach***

Conclúidí ón gComhairle Eorpach a glacadh ag an gcruinniú urghnách an 17-21 Iúil 2020 (EUCO 10/20)

Clár Oibre Straitéiseach nua 2019-2024 (a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019)

Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/17 REV 1)

***Dearbhuithe Aireachta***

Dearbhú maidir leis an gcultúr in aimsir ghéarchéim COVID-19 (Aibreán 2020)

*The Bucharest Declaration of the Ministers of Culture and their representatives on the role of culture in building Europe's future* [Dearbhú Bhúcairist ó na hAirí Cultúir agus a gcuid ionadaithe maidir le ról an chultúir chun todhchaí na hEorpa a chothú] (Aibreán 2019)

***Comhairle an Aontais Eorpaigh***

Conclúidí ón gComhairle lena leasaítear an Plean Oibre don Chultúr (2019-2022), (IO C 193, 9.6.2020, lch. 20)

Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúir (IO C 186, 5.6.2020, lch. 1)

Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le Gné Chultúrtha na Forbartha Inbhuanaithe (IO C 410, 6.12.2019, lch. 1)

Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach AE i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat gníomhaíochta (IO C 192, 7.6.2019, lch. 6)

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúir 2019-2022 (IO C 460, 21.12.2018, lch. 12)

Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana (IO C 425, 12.12.2017, lch. 4)

Conclúidí ón gComhairle maidir le crosmhalartuithe ó earnáil an chultúir agus ó earnáil na cruthaitheachta chun an nuálaíocht, an inbhuanaitheacht eacnamaíochta agus an cuimsiú sóisialta a spreagadh (IO C 172, 27.5.2015, lch. 13)

Conclúidí ón gComhairle maidir le seirbhísí faisnéise um shoghluaisteacht le haghaidh ealaíontóirí agus le haghaidh proifisiúnach cultúir (IO C 175, 15.6.2011, lch. 5)

***An Coimisiún Eorpach***

*Europe's Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú] (COM(2020) 784 final)

*Making the most of the EU's innovative potential. An intellectual property action plan to support the EU's recovery and resilience* [An leas is fearr is féidir a bhaint as acmhainneacht nuálaíochta an Aontais – Plean gníomhaíochta um maoin intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais] (COM(2020) 760 final)

*Europe's moment: Repair and Prepare for the Next Generation* [Deis na hEorpa: Deisiú agus Ullmhú don Chéad Ghlúin Eile] (COM(2020) 456 final)

*The European Green Deal* [Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019) 640 final)

*A New European Agenda for Culture* [Clár Oibre nua Eorpach don Chultúr] (COM(2018) 267 final)

***Parlaimint na hEorpa***

Rún an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le téarnamh cultúir na hEorpa (2020/2708(RSP))

Rún an 7 Meitheamh 2007 maidir le stádas sóisialta ealaíontóirí (2006/2249(INI))

Tuarascáil an 25 Feabhra 1999 maidir le staid agus ról ealaíontóirí san Aontas Eorpach (A4-0103/99)

***UNESCO***

An cultúr in aimsir na géarchéime: *Policy guide for a resilient creative sector* [An cultúr tráth géarchéime: Treoir bheartais d'earnáil cruthaitheachta athléimneach] (2020)

*Culture & working conditions for artists: implementing the 1980 Recommendation concerning the Status of the Artist* [An cultúr agus coinníollacha oibre d'ealaíontóirí: Moladh 1980 maidir le Stádas an Ealaíontóra a chur chun feidhme] (2019)

*Recommendation concerning the Status of the Artist* [Moladh maidir le Stádas an Ealaíontóra](1980)

---